2016. M23T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ hAOINE 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 12.20

**Scrúduimhir**

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon**<br>Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cuir ciorcal ar an rogha cheart i ngach cás chun a chur in iúl cé acu atá gach ceann de na ráitis a leanas fíor nó bréagach.

(a) Tá lúb abhann sa chúlra ar dheis.

***Fíor*** ***Bréagach***

(b) Tá droichead ag dul trasna na habhann sa lár.

***Fíor*** ***Bréagach***

(c) Tá séipéal sa tulra láir.

***Fíor*** ***Bréagach***

(d) Tá páirc imeartha mhór sa tulra ar clé.

***Fíor*** ***Bréagach***

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu ceartingearach nó fiar atá an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Ceartingearach ☐

Fiar ☐

**[10m]**

**2.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Cén t-achar iomlán atá sa limistéar ar an léarscáil? Cuir tic sa bhosca ceart.

99 $km^2$ ☐

108 $km^2$ ☐

(ii) Is é fad bhóthar an N5 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag M 040 849 go dtí an áit a mbuaileann sé le bóthar an R330 ag L 998 845 ná:

4.4 km ☐

2.9 km ☐

Cuir tic sa bhosca ceart.

**[10m]**

**3.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:


- L 981 846 ____________________
- L 971 857 ____________________
- L 972 793 ____________________
- M 037 868 ____________________

(ii) Tarraing sa bhosca thíos siombail léarscáile na Suirbhéireachta Ordanáis do Láithreán Picnicí.

☐

**[10m]**

## 4. Bolcáin



Curtha in oiriúint ó www.3dgeography.co.uk

Scrúdaigh an léaráid de bholcán thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Cráitéar | |
| Cón bolcánach tánaisteach | |
| Seomra magma | |
| Craos | |

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar bholcán nár bhrúcht leis na céadta bliain ach a d’fhéadfadh brúchtadh arís? Cuir tic sa bhosca ceart.


Suanach ☐


Beo ☐


**[10m]**

## 5. Tírghnéithe Fisiceacha agus Próisis Fhisiceacha




Scrúdaigh na fótagraif agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas chun an tábla thíos a líonadh isteach. Tá cuid den tábla líonta duit.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe sna fótagraif thuas.

(ii) Luaigh cé acu próiseas an chreimthe nó próiseas an tsil-leagain is mó a luaitear le foirmiú gach ceann de na tírghnéithe.

| **Litir** | (i) **Ainm na Tírghné** | (ii) **Próiseas an chreimthe / Próiseas an tsil-leagain** |
|---|---|---|
| **A** | | |
| **B** | Carraig chorr | |
| **C** | | Creimeadh |
| **D** | Tambaló | |

**[10m]**

6. **Carraigeacha**

Scrúdaigh na fótagraif thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach cás chun a chur in iúl cé acu atá na ráitis a leanas fíor nó bréagach.


(a) Aolchloch an cineál carraige san fhótagraf seo agus is carraig thréscaoilteach í.

***Fíor*** ***Bréagach***




(b) Slinn an cineál carraige san fhótagraf seo agus foirmíodh í nuair a d'fhuaraigh laibhe.

***Fíor*** ***Bréagach***




(c) Marmar an cineál carraige san fhótagraf seo, aolchloch nó cailc a bhí inti tráth ach d'athraigh teas ollmhór agus/nó brú í.

***Fíor*** ***Bréagach***




(d) Basalt an cineál carraige san fhótagraf seo agus tá sé le fáil i gContae Aontroma.

***Fíor*** ***Bréagach***




(ii) An bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach é **basalt**?

____________________________________________

**[10m]**

## 7. Cairteacha Aimsire

(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na siombailí ón gcairt aimsire a mheaitseáil leis an ngné den aimsir is fearr a mheaitseálann í.

| Litir | Siombail |
|---|---|
| **A** |  |
| **B** | L |
| **C** | H |
| **D** |  |

| Gné den Aimsir | Litir |
|---|---|
| Córas Ardbhrú | |
| Fronta Fuar | |
| Córas Lagbhrú | |
| Fronta Te | |

(ii) Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart chun a chur in iúl cé acu atá an ráiteas a leanas fíor nó bréagach.

Is é is isiteirmeacha ann ná línte a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil na teochtaí mar a chéile ar chairt aimsire.

***Fíor*** ***Bréagach***

**[10m]**

## 8. Síonchaitheamh agus Creimeadh


Scríobh an litir cheart i ngach cás sa tábla thíos chun an míniú ar phróiseas a mheaitseáil le hainm an phróisis is mó a luaitear leis.

| Litir | Míniú ar Phróiseas |
|---|---|
| **A** | Cineál síonchaithimh ina mbristear síos carraigeacha trí reo agus coscairt arís is arís eile. |
| **B** | Próiseas de chreimeadh oighreach. |
| **C** | Dríodar mar ghaineamh agus scaineagán á iompar go fiarlánach ar feadh an chósta. |
| **D** | Fórsa uisce ag gluaiseacht a bhriseann síos carraig. |
| **E** | Cineál síonchaithimh a tharlaíonn in aeráidí teo tirime. |

| Ainm an Phróisis | Litir |
|---|---|
| Síonchaitheamh oinniúnach (Scamhadh) | |
| Gníomhú hiodrálach | |
| Gníomhaíocht reo is coscartha | |
| Síobadh feadh cladaigh | |
| Sracadh | |

**[10m]**

**9.** **Gníomhaíochtaí Geilleagracha**




Curtha in oiriúint ó www.bbc.co.uk

Scrúdaigh an chairt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén tír ina bhfuil an céatadán is airde gníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla?

________________________________________

(ii) Ríomh céatadán iomlán na ngníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla agus tánaisteacha le chéile sa Bhrasaíl.

________________________________________

(iii) Cé acu ceann de na trí thír, Éire, an Bhrasaíl nó Neipeal, a bhfuil an gheilleagar is forbartha aici?

________________________________________


(iv) Luaigh cé acu gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, thánaisteach nó threasach í gach ceann acu seo a leanas.

Múinteoireacht ______________________________

Iascaireacht ______________________________


**[10m]**

## 10. Léirmhíniú ar Íomhánna Satailíte

















Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach íomhá satailíte a mheaitseáil leis an gcur síos is oiriúnaí uirthi. Tá ceann amháin déanta duit.

| **Cur Síos** | **Litir** |
|---|---|
| Stáisiún grianchumhachta sa ghaineamhlach | |
| Roimh an súnámaí sa tSeapáin in 2011 agus ina dhiaidh | |
| Trá Copacabana, Rio de Janeiro | |
| Stoirm san Atlantach | |
| Oighearshruth ag cúlú | |
| Dóiteáin foraoise | **D** |

**[10m]**

**11. Staitisticí Aimsire**

An Mheánteocht Mhíosúil agus an Bháisteach Mhíosúil ag Aerfort na Sionainne, 2014

| | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúil | Lún | MF | DF | Sam | Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Meánteocht (°C)** | 6.0 | 6.1 | 7.7 | 10.9 | 12.1 | 15.2 | 17.1 | 14.9 | 15.2 | 11.8 | 8.1 | 6.7 |
| **Báisteach (mm)** | 176 | 195 | 87 | 38 | 90 | 41 | 36 | 90 | 72 | 105 | 129 | 110 |

**An mheánteocht bhliantúil: 11ºC**

Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an mheánteocht mhíosúil (ºC) ab airde ag aerfort na Sionainne in 2014?

________________________________________

(ii) Cé mhéad mí a raibh an mheánteocht níos airde ná 10°C?

________________________________________

(iii) Cad é an mheánteocht bhliantúil (ºC) ag aerfort na Sionainne in 2014?

________________________________________

(iv) Cén mhí ina raibh an leibhéal ab airde báisteach?

________________________________________

(v) Cé mhéad báistí a thit san iomlán (mm) i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa le chéile?

________________________________________

**[10m]**

**12. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an cur síos ar réigiún a mheaitseáil leis an sampla de réigiún is mó a luaitear leis.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Réigiún aeráide |
| **B** | Réigiún sainmhínithe ag teanga |
| **C** | Croí-réigiún |
| **D** | Réigiún forimeallach |
| **E** | Réigiún sainmhínithe ag reiligiún |

| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| An Ghaeltacht | |
| An Mezzogiorno, Deisceart na hIodáile | |
| An Domhan Ioslamach | |
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**


**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

| PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH |
|---|
| **Ceist 1 go 3** |
| Freagair ceist **AMHÁIN** |

## Ceist 1

### A. Teicteonaic Phlátaí




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar an limistéar a bhfuil **A** marcáilte air ina mbíonn a lán creathanna talún agus brúchtaí bolcánacha?

(ii) Ainmnigh **X**, an pláta ar a bhfuil Éire.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *pláta*.

(iv) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh lena chéile nó ag scaradh óna chéile ag **Y**?

(v) Ainmnigh an droim aigéin a théann ó thuaidh ó **B** ar feadh theorainn na bplátaí.

(vi) Mínigh go hachomair conas a foirmíodh an droim aigéin seo.

(vii) Ainmnigh **dhá** thírghné eile a bhíonn ann mar thoradh ar phlátaí ag gluaiseacht.

**[30m]**

### B. Forbairt Tírghné

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

### C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a ndéanann an duine iarracht srian a chur le próisis abhann **nó** le próisis chósta **nó** le próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## Ceist 2

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Cuan Chathair na Mart
- An Abhainn Bhuí
- **Dhá** loch ainmnithe
- Limistéar ina bhfuil Foraois Bhuaircíneach.

**[30m]**

### B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig **agus** ainmnigh áit in Éirinn ina bhfaightear an charraig seo.

(ii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear bruthcharraigeacha.

(iii) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig mheiteamorfach **agus** ainmnigh áit in Éirinn ina bhfaightear an charraig seo.

(iv) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear carraigeacha meiteamorfacha.

**[40m]**

### C. Síonchaitheamh







(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A** agus **B** leis an bpróiseas síonchaithimh ón liosta thíos is fearr a mheaitseálann é:

- Carbónáitiú
- Gníomhaíocht reo is coscartha.

(ii) Agus léaráid(í) mar chúnamh agat, mínigh conas a dhéantar síonchaitheamh ar charraigeacha trí ghníomhaíocht reo is coscartha.

**[30m]**

## Ceist 3

### A. Creathanna Talún

> **Crith Talún i Neipeal, 2015**
>
> Tá os cionn 8,000 duine tar éis bháis agus tá na mílte gortaithe i Neipeal mar thoradh ar chrith talún mór agus ar na hiarchreathanna láidre a lean é.
>
> Thosaigh an chéad chrith talún roimh mheán lae. Méid 7.9 a bhí ann agus ba sa phríomhchathair, Kathmandu, agus i nGleann Kathmandu, áit a bhfuil dlús mór daonra, ba mhó a braitheadh é. Bhí an t-eipealár thart ar 80 km soir ón dara cathair is mó i Neipeal, Pokhara. Tharla an crith ag doimhneacht éadomhain (tuairim is 15 km), rud a chuir treise leis an méid fuinnimh a scaoileadh amach i limistéar beag go leor.
>
> Mar thoradh air seo, thit tithe, leagadh teampaill a bhí ann leis na céadta bliain agus thosaigh maidhmeanna sneachta sna Himiléithe. Chroith an crith talún roinnt cathracha ar fud thuaisceart na hIndia freisin agus braitheadh é in áiteanna chomh fada anonn le Lahore sa Phacastáin agus Lása sa Tibéid.
>
> Curtha in oiriúint ó www.irishtimes.com

Léigh an sliocht as nuachtán thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén mhéid a bhí sa chrith talún i Neipeal?

(ii) Cén doimhneacht (ina ciliméadair) ag ar tharla an crith talún?

(iii) Luaigh cad is brí leis an téarma *iarchrith*.

(iv) Liostaigh **trí** iarmhairt ar chreathanna talún a bhfuil tagairt dóibh sa sliocht as nuachtán thuas.

(v) Luaigh **dhá** shlí a bhféadfaí iarmhairtí creathanna talún a laghdú.

(vi) Mínigh go hachomair an téarma *eipealár*.

**[30m]**

### B. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Mínigh idirghníomhaíocht an duine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**[30m]**

## C. Tírdhreach Carstach







Scrúdaigh na fótagraif de ghnéithe de thírdhreach carstach thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gné dhromchla charstach **amháin** atá le feiceáil i bhfótagraf **A** agus mínigh, le cúnamh léaráide, conas a foirmíodh an ghné dhromchla seo.

(ii) Ainmnigh gné charstach faoi thalamh **amháin** atá le feiceáil i bhfótagraf **B** agus mínigh, le cúnamh léaráide, conas a foirmíodh an ghné faoi thalamh seo.

**[40m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### A. Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Limistéar ainmnithe rilífe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún seo.

**[30m]**

### B. Talmhaíocht in Éirinn

(i) Ainmnigh **dhá** chineál feirmeoireachta in Éirinn.

(ii) Mínigh an tslí a dtéann **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Rilíf agus ithreacha
- Margaí
- Aeráid.

**[40m]**

### C. Réigiúin agus Cultúr

Is minic a bhíonn cultúr réigiúin ag brath ar na tosca seo a leanas:

- Reiligiún
- Teanga
- Polaitíocht
- Ceol/Rince
- Spórt/Cluichí.


Tabhair cur síos agus míniú ar thábhacht an chultúir i réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### A. An tAontas Eorpach

Limistéar an Euro, 2015



Ballstáit an AE i limistéar an Euro

Ballstáit eile an AE

| Bliain Iontrála i Limistéar an Euro | |
|---|---|
| 1999 | An Ostair, An Bheilg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, Éire, An Iodáil, Lucsamburg, An Ísiltír, An Phortaingéil, An Spáinn |
| 2001 | An Ghréig |
| 2007 | An tSlóivéin |
| 2008 | An Chipir, Málta |
| 2009 | An tSlóvaic |
| 2011 | An Eastóin |
| 2014 | An Laitvia |
| 2015 | An Liotuáin |

Curtha in oiriúint ó www.wikimedia.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann limistéar an Euro in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain a ndeachaigh Éire isteach i limistéar an Euro **agus** cé mhéad tír a chuaigh isteach ann an bhliain sin, Éire san áireamh?

(ii) Ainmnigh **dhá** bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) nach bhfuil i limistéar an Euro in 2015.

(iii) Ríomh líon iomlán na mballstát de chuid an Aontais Eorpaigh atá i limistéar an Euro in 2015.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith páirteach i limistéar an Euro.

**[30m]**

### B. Gníomhaíocht Gheilleagrach i Réigiún in Éirinn

Mínigh **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Ról na turasóireachta i ngeilleagar an réigiúin seo
- Na cúiseanna le forbairt na tionsclaíochta sa réigiún seo
- Na fadhbanna a bhaineann leis an talmhaíocht sa réigiún seo.

**[40m]**


### C. Fás Uirbeach

Mínigh na cúiseanna atá le fás limistéir uirbigh ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### A. An Turasóireacht in Éirinn




Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar nithe ba dhíol spéise do thurasóirí in Éirinn in 2013 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an **dá** ní ba mhó ba dhíol spéise do thurasóirí in Éirinn in 2013.
(ii) Ainmnigh an ní ba dhíol spéise ba lú a raibh cuairteoirí ann **agus** luaigh an líon daoine a thug cuairt air.
(iii) Ríomh an difríocht idir líon na dturasóirí a thug cuairt ar Gharraithe Náisiúnta na Lus agus líon na dturasóirí a thug cuairt ar Pháirc Tayto in 2013.
(iv) Mínigh go hachomair toradh dearfach **amháin** ar an turasóireacht ar Éirinn.
(v) Mínigh go hachomair toradh diúltach **amháin** ar an turasóireacht ar Éirinn.

**[30m]**

### B. Déantúsaíocht i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt na déantúsaíochta i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún san Eoraip

Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat do réigiún san **Eoraip** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin seo.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil seo sa réigiún seo.

**[40m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Droichead
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Carrchlós sa tulra
- Limistéar tionsclaíochta sa lár ar clé
- Limistéar de gharbhlach sa cúlra.

**[30m]**

**B. Tionchar ar an Timpeallacht – Breoslaí Iontaise**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bhreoslaí iontaise.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tionchar a bhíonn ag dó breoslaí iontaise ar an timpeallacht.

**[30m]**

**C. Cuideachta Ilnáisiúnta (CIN)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá lonnaithe in Éirinn agus a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann sí.

(ii) Luaigh an áit in Éirinn ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe **agus** mínigh cén fáth ar cuireadh ar bun san áit seo í.


(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh an chuideachta ilnáisiúnta seo cinneadh ar aistriú go dtí tír eile.

**[40m]**

## Ceist 8

### A. Forbairt Gheilleagrach

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna




Curtha in oiriúint ón UNDP

n/b: níl sonraí ar fáil

| Tír | Blianta scolaíochta tuartha | An tOllioncam Náisiúnta |
|---|---|---|
| An Aetóip | 8.5 | $1,428 |
| An Ghearmáin | 16.5 | $43,919 |
| Éire | 18.6 | $39,568 |
| Mailí | 8.4 | $1,583 |

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **dhá** thír le hInnéacs um Fhorbairt Dhaonna ard.

(ii) Cén ilchríoch ina bhfuil an líon is mó tíortha le hInnéacs um Fhorbairt Dhaonna íseal **agus** luaigh cúis **amháin** leis sin.

(iii) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a úsáidtear chun an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a ríomh.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna níos airde i dtíortha áirithe ná mar atá i dtíortha eile.

(v) Mínigh go hachomair slí **amháin** a mbaintear úsáid as eolas ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna.

**[30m]**

### B. Geilleagar Forbartha

(i) Ainmnigh geilleagar forbartha **amháin** ina gcuireann turasóireacht **nó** seirbhísí airgeadais leis an ngeilleagar sin.

(ii) Mínigh na cúiseanna atá le fás na turasóireachta **nó** seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a ainmníodh i bpáirt (i) thuas.

(iii) Mínigh buntáiste **amháin** a thugann an turasóireacht **nó** seirbhísí airgeadais don gheilleagar i dtíortha forbartha.

(iv) Mínigh fadhb **amháin** a bhíonn ann mar thoradh ar an turasóireacht **nó** ar sheirbhísí airgeadais.

**[40m]**

### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint

(i) Ainmnigh sampla **amháin** den chaoi ar féidir le coimhlint a bheith ann idir dhaoine mar thoradh ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha agus ar shaothrú acmhainní nádúrtha.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcoimhlint seo.

**[30m]**

## Ceist 9

### A. Ídiú Fuinnimh

Meastachán ar Ídiú Fuinnimh ar fud an Domhain faoin mbliain 2030

| Fuinneamh | Meastachán ar Ídiú (%) |
|---|---|
| Fuinneamh In-athnuaite | 13% |
| Fuinneamh Núicléach/Leictreach | 8% |
| Ola | 34% |
| Gual | 23% |
| Gás Nádúrtha | 22% |

Curtha in oiriúint ó www.petrotech.in

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann meastachán ar ídiú fuinnimh ar fud an domhain faoin mbliain 2030 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *fuinneamh in-athnuaite*.

**[30m]**

### B. Beartas an Aontais Eorpaigh

Mínigh conas a chuaigh beartas an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

### C. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Samhlaigh gur cuireadh mar chúram ort suíomh oiriúnach a aimsiú d'óstán mór nua laistigh den limistéar ar an léarscáil.

(i) Luaigh cá lonnófá an t-óstán agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an óstán a thógáil sa suíomh seo.

**[40m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Droichead
- **Dhá** shéipéal
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Carrchlós mór sa chúlra láir.

**[30m]**

**B. Imirce – ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Mínigh na *tosca brú* a bhíonn i gceist le himirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

(ii) Mínigh na *tosca tarraingthe* a bhíonn i gceist le himirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

**[40m]**

**C. Feidhmeanna Uirbeacha**

(i) Ainmnigh ceantar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith a bhaineann leis an gceantar uirbeach seo.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an athrú a tháinig le himeacht aimsire ar fheidhmeanna an cheantair uirbigh seo.

**[30m]**

## Ceist 11

### A. Eisimirce as Éirinn

Eisimirce as Éirinn de réir Náisiúntachta, 2015

| Náisiúntacht | Líon na nEisimirceach |
|---|---|
| Éireannach | 35 000 |
| An Ríocht Aontaithe | 38 000 |
| AE (15) | 16 000 |
| AE (13) | 9 000 |
| An Chuid eile den Domhan | 18 000 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar an eisimirce as Éirinn de réir náisiúntachta in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil daoine ag dul ar eisimirce as Éirinn.

**[30m]**

### B. Forbairt Lonnaíochtaí Uirbeacha

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar fhorbair baile Chathair na Mart sa suíomh seo, agus fianaise ón aerfótagraf agat mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

### C. Fás Uirbeach – Cathair sa Domhan i mbéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá tar éis fás go gasta.

(ii) Mínigh cén fáth ar fhás an chathair seo go gasta **agus** tabhair cur síos ar na fadhbanna a bhaineann leis an bhfás gasta seo.

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar na fadhbanna atá ann mar thoradh ar an bhfás gasta seo.

**[40m]**

## Ceist 12

### A. Fás Uirbeach

**Na Cathracha is mó ar Domhan: 2014**

Sa deichiú heagrán de *Demographia World Urban Areas*, is mar chathracha móra a rangaíodh ceantair uirbeacha ina bhfuil níos mó ná 500,000 duine sa daonra. Tá daonra iomlán na gcathracha seo níos mó ná 1.92 billiún agus is ionann sin agus tuairim is 51 faoin gcéad de dhaonra an domhain.

Tá méadú ag teacht ar an líon de na cathracha is mó ar domhan atá lonnaithe san Áise. Is ansin atá 56 faoin gcéad díobh faoi láthair. Tá Meiriceá Thuaidh sa dara háit i ndiaidh na hÁise, cé nach bhfuil ach 14 faoin gcéad de na cathracha is mó ann. Níl ach trí chathair ardioncaim dhomhanda i measc na ndeich gcathair is mó (Tóiceo, Súl agus Nua-Eabhrac) agus má leanann rátaí fáis mar atá siad, is é Tóiceo an t-aon chathair ardioncaim amháin a bheidh ina measc faoi lár na 2020idí.

Curtha in oiriúint ó www.newgeography.com

Léigh an t-alt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de dhaonra uirbeach an domhain atá ina gcónaí sna cathracha is mó ar domhan?
(ii) Cén áit a bhfuil méadú ag teacht ar an líon de na cathracha is mó ar domhan **agus** cén céatadán de na cathracha seo atá lonnaithe sa limistéar seo?
(iii) Ainmnigh na **trí** chathair ardioncaim dhomhanda atá i measc na ndeich gcathair is mó ar domhan.
(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *dlús daonra*.
(v) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** a bhíonn ann i gcathracha ina bhfuil dlús ard daonra.

**[30m]**

### B. Ródhaonra

(i) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *ródhaonra*.
(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar chúiseanna **agus** ar iarmhairtí an ródhaonra agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

### C. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann acu.

(ii) Mínigh gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a ainmníodh i bpáirt (i) thuas.

**[40m]**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán